C/2025/4240

30.7.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12065 — SAGITTA / MIA / COIN)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/4240)

1. An 22 Iúil 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Sagitta SGR S.p.A. ('Sagitta', an Iodáil), faoi rialú deiridh TDR Capital LLP (an Ríocht Aontaithe),

— MIA S.r.l. ('MIA', an Iodáil),

— Coin S.p.A. ('Coin', an Iodáil).

Gheobhaidh Sagitta agus MIA rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Coin ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta bainistíochta sócmhainní é Sagitta atá speisialaithe i mbainistiú sócmhainní malartacha neamhleachtacha (amhail Iasachtaí Neamhthuillmheacha agus Nach Dócha go nÍocfar), fiachas príobháideach, réadmhaoin, creidmheas agus cistí iasachta dírí,

— Is cuideachta shealbhaíochta é Mia atá i gceannas ar ghrúpa cuideachtaí atá ag feidhmiú in earnálacha éagsúla, lena n-áirítear táirgeadh agus margú táirgí éadaigh,

— Oibríonn Coin i miondíol éadaí, cosmaidí, cumhradóireachta, táirgí cúraim phearsanta, agus táirgí tí.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12065 — SAGITTA / MIA / COIN

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË